Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Meitheamh 2022
(OR. en)

10221/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0295 (COD)**

EF 168
ECOFIN 622
SURE 16
CODEC 911

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2009/138/CE a mhéid a bhaineann le comhréireacht, cáilíocht na maoirseachta, tuairisciú, bearta ráthaíochta fadtéarmacha, uirlisí macrastuamachta, rioscaí inbhuanaitheachta, maoirseacht ghrúpa agus trasteorann (Sócmhainneacht II Athbhreithniú)<br>– Cur chuige ginearálta |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 22 Meán Fómhair 2021, tharchuir an Coimisiún chuig an gComhairle Togra le haghaidh Treorach[1] lena leasaítear Treoir 2009/138/CE (Sócmhainneacht II). Is é is aidhm don togra athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat stuamachta is infheidhme maidir leis an earnáil árachais ar bhealach cuimsitheach, lena gcumhdaítear raon leathan ábhar, go háirithe: comhréireacht na mbeart i bhfianaise éagsúlacht na ngnóthas atá á gcumhdach;; cáilíocht na maoirseachta; tuairisciú; 'bearta ráthaíochta fadtéarmacha', mar a thugtar orthu; uirlisí micreastuamacha; an creat a oiriúnú don Chomhaontú Glas don Eoraip; maoirseacht ar ghrúpaí agus ar ghnó árachais trasteorann; agus saincheisteanna eile, lena n-áirítear bearta idirthréimhseacha.

[1] 11763/21 + ADD 1 go ADD 6

2. Ba chuid é an Togra de phacáiste ina bhfuil Togra le haghaidh Treorach freisin lena mbunaítear creat maidir le téarnamh agus réiteach gnóthas árachais agus athárachais[2], atá á scrúdú faoi láthair sa Chomhairle, agus Teachtaireacht maidir leis an athbhreithniú ar chreat stuamachta an Aontais d'árachóirí agus d'athárachóirí i gcomhthéacs théarnamh iar-phaindéime an Aontais Eorpaigh[3].

3. Chuir an Coimisiún an pacáiste sin faoi bhráid Chomhairle ECOFIN i ndíospóireacht bheartais an 5 Deireadh Fómhair 2021 agus, in éineacht leis na measúnuithe tionchair gaolmhara, faoi bhráid Mheitheal um Sheirbhísí Airgeadais agus um an Aontas Baincéireachta (Árachas) na Comhairle an 14 agus an 15 Deireadh Fómhair 2021.

4. An 23 Feabhra 2022, ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim maidir leis an bpacáiste[4].

## II. STAID NA hIMEARTHA

5. Phléigh an Mheitheal um Sheirbhísí Airgeadais agus um an Aontas Baincéireachta an togra.

6. Tá seasamh Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh ar feitheamh.

---

[2] 11764/21 + ADD 1 go ADD 5
[3] 11992/21
[4] 9837/22

7. An 8 Meitheamh 2022, d'aontaigh Coiste na mBuanionadaithe, ar an gcéad dul síos, an comhréiteach críochnaitheach ón Uachtaránacht, mar a leagtar amach in 9676/22 é, a tharchur chuig an gComhairle, mar mhír neamhphlé, d'fhonn teacht ar chur chuige ginearálta ina leith.

8. Thug Coiste na mBuanionadaithe dá aire freisin na dlúthnaisc idir Treoir 2009/138/CE (Sócmhainneacht II) agus a Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35.

9. Dá réir sin, d'aontaigh Coiste na mBuanionadaithe gur gá a áirithiú go mbunófar creat stuamachta nuashonraithe comhsheasmhach agus cothrom ar bhealach tráthúil d'earnáil an árachais agus nach mór leasuithe a bheidh le teacht ar an Rialachán Tarmligthe thuasluaite a bheith sa chreat iomlán sin freisin.

10. Thairis sin, thug Coiste na mBuanionadaithe dá aire, nuair a bheidh na comhreachtóirí i mbun caibidlíocht thríthaobhach maidir leis an togra leasaitheach Sócmhainneacht II, nach mór dóibh tuiscint chuimsitheach a bheith acu ar chreat mionsonraithe na rialacha atá á mbreithniú agus a áirithiú nach dtiocfaidh méadú ar na muirir chaipitil i gcomparáid leis an staid reatha ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal an Aontais mar thoradh ar thoradh an phróisis reachtaigh.

11. Dá bhrí sin, d'fhormheas Coiste na mBuanionadaithe, chuige sin, moltaí sonracha don Chomhairle, mar a leagtar amach thíos.

## III. CONCLÚID

12. I bhfianaise an mhéid thuas, moltar go ndéanfaidh an Chomhairle an méid seo a leanas:

- teacht ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta i ndáil leis an Treoir atá beartaithe, mar a leagtar amach in 9676/22 é;

- i bhfianaise na ndlúthnasc idir Treoir 2009/138/CE (Sócmhainneacht II) agus a Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/35, beidh gá le leasuithe ar an dá ghníomh chun na cuspóirí a bhaineann le hathbhreithniú cothrom comhsheasmhach a bhaint amach;

– iarrann sí ar an gCoimisiún, maidir leis sin, an méid seo a leanas a dhéanamh:

  o staid na himeartha maidir leis na leasuithe atá beartaithe ar an Rialachán tarmligthe a chur i láthair chun cothromaíocht agus comhsheasmhacht an athbhreithnithe iomláin ar chreat Sócmhainneacht II a áirithiú;

  o leanúint den obair ullmhúcháin maidir leis na leasuithe atá beartaithe ar an Rialachán tarmligthe agus an cuspóir céanna á shaothrú ag an am céanna, is é sin athbhreithniú cothrom, comhsheasmhach a dhéanamh ar chreat Sócmhainneacht II;

– an staid a athmheasúnú, b'fhéidir, roimh thús a chur leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa, agus é á chur san áireamh an bhfuil dul chun cinn leordhóthanach déanta ar an obair ullmhúcháin thuasluaite, i gcomhréir leis an gcuspóir athbhreithniú cothrom comhsheasmhach a dhéanamh ar chreat Sócmhainneacht II;

– a iarraidh ar an Uachtaránacht caibidlíocht a thosú, nuair is indéanta, le Parlaimint na hEorpa ar bhonn an chur chuige ghinearálta sin d'fhonn teacht ar chomhaontú ar an gcéad léamh.